LÉIGH NA NÓTAÍ THÍOS, LE DO THOIL, SULA LÍONFAIDH TÚ AN FHOIRM

An t-am chun iarratas a dhéanamh ar thréimhse chuí a fhadú a thuilleadh

Déanfar iarratas faoi Alt 42(1B) de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh) chun an tréimhse chuí a fhadú a thuilleadh maidir le cead áirithe ar feadh 2 bhliain nó go dtí an 31 Mí na Nollag, 2023, cibé acu is túisce:-

i. I gcás gur chuaigh nó go dtéann an tréimhse chuí, mar a fadaíodh, in éag le linn na tréimhse dar tosach an 8 Eanair 2021 agus dar críoch an 8 Meán Fómhair 2021, deintear an t-iarratas go cuí laistigh de 6 mhí ón 9 Meán Fómhair 2021,

nó

ii. I gcás go dtéann an tréimhse chuí, mar a fadaíodh, in éag ar an 9 Meán Fómhair 2021 nó i ndiaidh an dáta sin, deintear an t-iarratas go cuí tráth nach luaithe ná bliain amháin roimh dheireadh na tréimhse cuí a bheifear ag iarraidh a fhadú agus roimh dheireadh an cheada a bheidh tú ag iarraidh a fhadú.

Ábhar an iarratais chun tréimhse chuí a fhadú

Folóidh iarratas faoi Alt 42(1B) de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh), chun an tréimhse chuí a fhadú a thuilleadh maidir le cead áirithe, an fhaisnéis (1) go (15).

Is ceart freisin táille chuí €62.00 a bheith i dteannta an iarratais.

Agus an t-iarratas á dhéanamh agat, is cóir go dtabharfaidh forálacha Ailt 42(1B) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh) treoir duit, agus go háirithe ní foláir nó go gcomhlíonfaidh na hiarratais chun tréimhse chuí a fhadú a thuilleadh na ceanglais a leagtar amach faoi Chuid A agus faoi Chuid B.

Cuid A

i) Is deimhin leis an údarás pleanála -
    i) Gur cuireadh tús leis an bhforbairt, lena mbaineann an cead, roimh an tréimhse chuí, mar a fadaíodh, do dhul in éag
    ii) Gur deineadh mór-oibreacha, roimh an tréimhse chuí, mar a fadaíodh, do dhul in éag
    iii) Nach ndéanfaidh an t-údarás pleanála an tréimhse chuí maidir le cead a fhadú a thuilleadh más rud é go mbeidh gá le measúnacht tionchair timpeallachta nó measúnacht chuí i ndáil leis an bhfadú beartaithe breise lena mbaineann

Cuid B

- Go mbeidh an t-iarratas i gcomhréir le cibé rialacháin faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh) a mbeidh feidhm acu maidir leis,
- Go gcomhlíonfar, ó thaobh an iarratais de, aon cheanglais de chuid na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001 (mar a leasaíodh), nó aon cheanglais arna ndéanamh faoi na Rialacháin sin.

Tabhair faoi ndeara: Ní thabharfar breith chun tréimhse chuí ceada a fhadú níos mó ná dhá uair faoi Alt 42(1) agus ní dhéanfaidh údarás pleanála an tréimhse chuí a fhadú a thuilleadh. I gcás go dtabharfar breith an dara huair chun tréimhse chuí a fhadú faoin alt seo, ní faide ná 5 bliana an comhfhad den dá fhadú ar an dtréimhse chuí.

Athcheartaithe i nDeireadh Fómhair 2021

COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

IARRATAS FAOI ALT 42(1B) DE NA hACHTANNA UM PLEANÁIL & FORBAIRT 2000 (Mar a Leasaíodh) CHUN AN TRÉIMHSE CHUÍ, MAR A FADAÍODH, A FHADÚ A THUILLEADH DE THRÉIMHSE BHREISE NACH MÓ NÁ 2 BHLIAIN NÓ GO DTÍ AN 31 MÍ NA NOLLAG 2023

Na sonraí pearsanta sin go léir a bhailítear, comhlíonfaidh siad ceanglais an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS/GDPR) 2016, agus ceanglais na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Tá fógraí príobháideachta ar leith i dtaca le gach rannóg/seirbhís ar fáil ag www.kerrycoco.ie

Comhairle Contae Chiarraí, *Áras an Chontae,* ***Trá Lí, Contae Chiarraí***
Guthán: (066) 7183582 Láithreán Gréasáin: http://www.kerrycoco.ie Facs: (066) 7120328

1. Ainm an Iarratasóra (na nIarratasóirí): _____
   Seoladh an Iarratasóra (na nIarratasóirí): _____
   _____

(Tabhair faoi ndeara: Nuair is Cuideachta an tIarratasóir, is ceart ainmneacha na Stiúrthóirí Cuideachta agus Seoladh Cláraithe na Cuideachta a thabhairt.)

2. Ainm an Ghníomhaire ar ceart Comhfhreagras a chur chuige: _____

   Seoladh an Ghníomhaire ar ceart Comhfhreagras a chur chuige: _____
   _____

3. Suíomh, baile fearainn, nó seoladh poist na talún nó an déanmhais lena mbaineann, de réir mar is cuí: _____
   _____
   _____

4. An leas sa talamh nó sa déanmhas (cuir tic leis an mbosca cuí)

(a) Úinéir — Is ea ❑ Ní hea ❑

(b) Más Eile, sonraigh an leas atá agat:_____

_____

_____

_____

5. An fhorbairt lena mbaineann an cead:-

Cead: Uimh.Chláraithe (mar is bainteach)_____

Fadú Ré an Cheada: Uimh.Chláraithe (mar is bainteach)_____

6. Dáta ar Deonaíodh Fadú Ré an Cheada: _____

Dáta a scoirfidh (ar scoir) Fadú Ré an Cheada d'éifeacht a bheith aige: _____

7. Dáta thús na forbartha lena mbaineann an cead: _____

8. Sonraí de na mór-oibreacha a deineadh nó a dhéanfar de bhun an cheada roimh an tréimhse chuí, mar a fadaíodh, do dhul in éag _____

_____

_____

_____

_____

_____

9. An tréimhse bhreise faoina bhfuiltear ag iarraidh an cead a fhadú a thuilleadh: _____

_

10. An dáta a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh an fhorbairt críochnaithe: _____

11. Na dálaí a chuaigh thar smacht an duine a bhí i mbun na forbartha ar mar gheall orthu nár críochnaíodh an fhorbairt laistigh den tréimhse chuí, mar a fadaíodh _____

_____

_____

_____

12. ***Ceanglas faisnéise chun breith a thabhairt i dtaobh an gá measúnacht tionchair timpeallachta a dhéanamh de bharr an iarratais go ndéanfar an tréimhse chuí a fhadú nó a fhadú a thuilleadh.***

Féach Airteagal 44A de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (mar a leasaíodh), le do thoil, ina gcuirtear na critéir seo a leanas ar fáil:-

(1) Más rud é go gcuireann iarratasóir an fhaisnéis a shonraítear i Sceideal 7A faoi bhráid an údaráis phleanála, beidh aon fhaisnéis ábhartha bhreise maidir le saintréithe fhadú beartaithe na tréimhse cuí i dteannta na faisnéise, chomh maith leis na héifeachtaí suntasacha dóchúla ar an dtimpeallacht, lena n-áireofar, de réir mar a bhainfidh le hábhar, faisnéis ar an gcaoi a mbeidh curtha san áireamh na torthaí infhaighte ar na measúnachtaí ábhartha eile a deineadh maidir leis na héifeachtaí ar an dtimpeallacht, de bhun reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, seachas an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta.
(2) Más rud é go gcuireann iarratasóir an fhaisnéis a shonraítear i Sceideal 7A faoi bhráid an údaráis phleanála, féadfaidh cur síos ar na gnéithe, más ann dóibh, den fhorbairt is ábhar don iarratas ar fhadú a bheith i dteannta na faisnéise, chomh maith leis na bearta, más ann dóibh, a mbeidh sé i gceist go ndéanfar iad chun torthaí a sheachaint nó a chosc a d'fhéadfadh a bheith, murach sin, ina dtorthaí díobhálacha ar an dtimpeallacht mar gheall ar an bhforbairt is ábhar don iarratas ar fhadú.

I dtaca le faisnéis i gcás go mbeadh gá le cinneadh i dtaobh an gceanglófaí measúnacht tionchair timpeallachta a dhéanamh mar gheall ar iarratas go ndéanfaí an tréimhse chuí a fhadú nó a fhadú a thuilleadh, ba chóir go seolfaí an fhaisnéis sin ar leithligh.

Cinneadh chun scagtha i dtaobh an gá measúnacht tionchair timpeallachta a dhéanamh mar gheall ar iarratas go ndéanfar an tréimhse chuí a fhadú nó a fhadú a thuilleadh.

Féach Airteagal 44B de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (mar a leasaíodh), le do thoil, ina gcuirtear na critéir seo a leanas ar fáil:-

(1) Más rud é –
(a) go bhfaigheann údarás pleanála iarratas go ndéanfar an tréimhse chuí a fhadú nó a fhadú a thuilleadh maidir le cead áirithe i leith forbartha d'aicme a shonraítear i gCuid 2 de Sceideal 5, agus nach mbeidh an fadú beartaithe sin den tréimhse chuí comhionann le, nó níos mó ná, de réir mar a bheidh, cainníocht, achar nó teorainn eile a shonraítear sa Sceideal sin, agus
(b) go mbeidh an fhaisnéis a shonraítear i sceideal 7A agus airteagal 44A i dteannta an iarratais sin, nó más rud é go gcuireann iarratasóir faoi bhráid an údaráis phleanála an fhaisnéis sin de bhun fógra a eisítear faoi airteagal 44(2)(b),

déanfaidh an t-údarás pleanála scrúdú, ar a laghad, ar an gcineál, ar an méid nó ar an suíomh a bheidh ag an bhfadú beartaithe den tréimhse chuí chun críocha cinnidh chun scagtha.

I dtaca le faisnéis a sholáthrófaí chun críocha an fhorbairt a scagadh, ba chóir go seolfaí í sin ar leithligh.

13.

Táille ***EUR 62*** iniata ❑ Tá ❑ Níl

DON OIFIG AMHÁIN

Táille Atá Faighte €_____

Airgead Tirim
Seic
Ordú Airgid
Dréacht
Ordú Poist

Uimhir Admhála _____

Dáta _____

Admháil Tugtha ag _____

SONRAÍ TEAGMHÁLA

14. Sonraí teagmhála den iarratasóir

Iarratasóir	
Uimhir Ghutháin	
Ríomhphost	

15. Sonraí teagmhála den Ghníomhaire (más ann dó)

Gníomhaire (más ann dó)	
Uimhir Ghutháin	
Ríomhphost	
Cuir in iúl, le do thoil, cén seoladh ar ceart an comhfhreagras ar fad a chur chuige. (Cuir tic leis an mbosca cuí, le do thoil). ❑ Iarratasóir ❑ Gníomhaire	

Deimhním leis seo gur fíor an fhaisnéis a thugtar san fhoirm seo:

Síniú (Sínithe) an Iarratasóra (na nIarratasóirí) _____

Dáta: _____